# Ceol na Sraithe Sóisearaí: Leidcheisteanna Pleanála

*TABHAIR FAOI DEARA: Ní liosta saintreorach ná uileghabhálach é seo – cuir do cheisteanna féin leis*

## RÉAMHFHOGHLAIM

- Cá bhfuil siad ina gcuid foghlama?/ Cad é atá ar eolas acu cheana féin?/ Cad iad na míthuiscintí atá ann?
- Cad iad na hábhair spéise cheoil atá acu? / Cad iad na huirlisí a sheinneann siad?

## FÓCAS AR NA TORTHAÍ FOGHLAMA

- Cad iad na torthaí foghlama a d'fhéadfadh nascadh le chéile go fiúntach chun tógáil ar réamhfhoghlaim scoláire?
- Cad iad na codanna den toradh foghlama a ndíreodh an t-aonad seo orthu?

## FOGHLAIM ATÁ BEARTAITHE - Cad é a bheidh i gceist leis an bhfoghlaim

- Cad í an phríomhfhoghlaim a ba mhaith liom a bheith ar eolas ag scoláirí ag deireadh an aonaid seo?
- Cad iad na míthuiscintí is dócha a tharlóidh?
- Cén réamhfhoghlaim a gcuirfidh an fhoghlaim seo léi?
- Cén téarmaí ceoil /litearthacht cheoil ar chóir do scoláirí éirí líofa iontu?
- Cad iad na scileanna ceoil a dtógfaidh scoláirí orthu tríd an aonad foghlama seo?

## FIANAISE AR FHOGHLAIM - Conas a bheidh A FHIOS agam go bhfuil an fhoghlaim déanta

*D'fhéadfadh obair ranga, MRBnna, obair baile, aiseolas, tástáil, breathnóireacht, ceistiú, tionscadail, machnamh a bheith san áireamh mar tascanna/deiseanna*

- Cén réimse fianaise a ghabhálfaidh/a bhaileoidh mé? D'fhéadfadh fianaise teacht ón méid a déarfaidh, a sheinnfidh, a scríobhfaidh nó a dhéanfaidh scoláirí! Braitheann an réimse fianaise ar fhócas an aonaid
- Conas a ghabhfaidh mé/a bhaileoidh mé an fhianaise seo ar an bhfoghlaim?
- An bhfuil na tascanna/deiseanna seo ag teacht leis na hintinní foghlama agus leis na torthaí foghlama?
- Cad iad na tascanna/deiseanna ar leith a bheas ag teastáil ó scoláirí chun machnamh a dhéanamh?
- Cad iad na tascanna/deiseanna ar leith a chuirfidh ar chumas na scoláirí tógáil ar an tuiscint atá acu cheana féin chun tuiscint nua a chruthú?

## EISPÉIRIS FOGHLAMA - Tarlóidh an fhoghlaim seo TRÍ...

- Cad iad na gníomhaíochtaí ranga a chabhróidh leis na scoláirí agus a chuirfidh ar chumas na scoláirí dul i gceann na foghlama?
- Cad iad na modheolaíochtaí a bheidh in úsáid agam?
- Cad iad na straitéisí measúnaithe fhoirmithigh a chuirfidh mé san áireamh?
- An bhfuil nasc idir an measúnú foirmitheach agus na critéir ratha?
- An bhfuil cruthú agus iniúchadh, rannpháirtíocht agus déanamh ceoil, agus breithmheas agus freagairt a thabhairt curtha san áireamh agam sna gníomhaíochtaí seo?
- Conas a d'fhéadfadh na gníomhaíochtaí seo tógáil ar reamhfhoghlaim agus foghlaim nua a chruthú?

## INTINNÍ FOGHLAMA – An Fhoghlaim a Shoiléiriú

- An bhfuil na hintinní foghlama oiriúnach do scoláirí?
- An bhfuil nasc idir na hintinní foghlama agus na torthaí foghlama atá roghnaithe?

## CRITÉIR RATHA – Caighdeán na Foghlama a Shocrú

- Conas a bheidh na scoláirí páirteach i gcomhchruthú na critéir ratha?
- An bhfuil nasc idir na critéir ratha agus na torthaí foghlama atá roghnaithe?

## MACHNAMH AGUS GNÍOMH

- **Cad FAOI** a raibh an fhoghlaim? Mar sin, **CÉN** fhoghlaim a bhí ar siúl? Anois, **CAD** iad na céad céimeanna eile?
- Conas a d'fhéadfadh an machnamh seo tionchar a imirt ar mo chleachtas féin agus/nó bonn eolais a chur faoi mo chuid pleanála amach anseo?



CC BY NC